An Coiste Tréadach - Tuairisc Oibre do 2021 agus 2022

Cathaoirleach: An tAth. Pádraig Ó Baoill SP
Rúnaí: Caitríona Uí Chatháin
Cisteoir: Dónall Ó Conaill
Comhaltaí: An tAth. Liam Ó Cuív SP, An tAth. Vasyl Kornitsky SC,
An tSr. Mairéad Ní Bhuachalla RSC (séiplíneach Gaelcholáiste), Aideen McBride (séiplíneach Gaelscoile), Bláthnaid Ó Brádaigh, Paula Ní Shlatara, Giollamuire Ó Murchú (*Pobal an Aifrinn*).

Gnó an Choiste

Mar go raibh ár gcuid oibre teoranta feadh na paindéime, clúdaíonn an tuairisc seo 2021 agus 2022 le chéile. Tionóladh 7 gcruinniú sa tréimhse, cruinniú Zoom ar 10 Meitheamh 2021, cruinnithe fisiciúla ar 7 Aibreán, 12 Bealtaine, 16 Meitheamh, 20 Meán Fhómhair, 18 Deireadh Fómhair agus 22 Samhain 2022. Bíonn na cruinnithe anois ag Ionad Acmhainne Pharóiste Naomh Bríd, Cill Easra. Ceapadh Giollamuire Ó Murchú mar chisteoir in Aibreán 2022.

Liotúirgí áitiúla

Roimh an bpaindéim, ag dul le polasaí na Deoise Aifrinn Domhnaigh a sholáthar i ngach dúiche do phobal na teanga agus do theaghlaigh Gaelscoile, bhíodh liotúirgí rialta, i nGaeilge nó dhátheangach, i 15 eaglais, ina measc 10 nAifreann seachtainiúil leis an liotúirge uile i nGaeilge, le nós na seanmóra i nGaeilge i 6 chás.

In ár n-aighneacht i 2021 chuig Tasc-Fhórsa na Deoise, luamar go raibh an soláthar seo anois i mbaol, go háirithe áit go raibh pobal "ag brath ar shagart aonair, nó fiú ar thuataí ag earcú sagart ar bhun an-éigcinnte ó sheachtain go chéile" agus gur ghá seo a réiteach. Tar éis na paindéime ar chúiseanna éagsúla níor athbhunaíodh ach dhá dtrian den chúram seo. Tá soláthar anois in 11 eaglais, le 7 n-Aifreann seachtainiúil leis an liotúirge i nGaeilge, agus seanmóir i nGaeilge i 3 chás.

Aithníonn an Coiste gur ghá seo a fheabhsú, go háirithe i gceantair mhóra le héileamh ard ar Ghaelscoileanna, agus daltaí á n-ullmhú, as Gaeilge, do na Sacraimintí chuile bhliain, ach gan soláthar Domhnaigh sa teanga mar chomhlanú air seo. Ina choinne sin, ba thuar dóchais dúinn gur cinneadh, tar éis feachtais ceithre bliana, Aifreann Dúiche Dhún Laoghaire a athbhunú um Aidbhint 2021. Léiríonn toradh an chinnidh sin, freisin, tábhacht soláthar an Domhnaigh don nasc leis na scoileanna, anois go bhfuil daltaí gaelscoile an cheantair, lena séiplíneach, páirteach go gníomhach san Aifreann seo.

Faoi láthair tá Aifreann seachtainiúil amháin á riar ag an gCoiste féin, ag Eaglais N. Eoin Soiscéalaí, Baile an tSaoir. (Seo mar a bhíodh, leis, ag Aireagal an Aiseirí, Ard Aidhin, go 2020, ach mar a fheicfear thíos, tá deireadh leis an gcúram sin anois.) Ach de ghnáth, is iad na paróistí a sholáthraíonn Aifrinn Dúiche dár bpobal, le tacaíocht an Choiste. Mar shampla den tacaíocht seo, ag cruinniú na Samhna 2022 chinn an Coiste cuidiú leis na hAifrinn i Sórd agus Dún Laoghaire, trí shíntiúis cheiliuraí a íoc le sagairt ar chuairt, nuair is gá, ó Eanáir 2023 amach. Freisin tá an Coiste ag uasdátú a liostaí sagart le cumas Gaeilge, le súil is go gcuideoidh níos mó acu leis an misean.

Mar a luadh freisin inár n-aighneacht don tasc-fhórsa, is dúshlán sagairt a fháil don obair seo. Bhíomar ag brath le fada ar shagairt gníomhacha sna hOird, ach ceal réitigh foirmeálta leis an Deoise, le blianta beaga anuas bogadh cuid acu seo go tithe eile, nó chuig deoisí a thug postanna Gaeltachta dóibh. Suas go 1994, bhíodh post dá shórt sa Deoise seo, freisin, ach níl seo amhlaidh faoi láthair, agus tá an t-ualach oibre méadaithe go mór ó shin.

Liotúirgí bliantúla

Ar Lá Féile Pádraig 2021, leis na heaglaisí dúnta, craoladh Aifreann ar líne i nGaeilge nó go dátheangach ó 14 eaglais sa Deoise. I 2022, leis na heaglaisí ar oscailt arís, mhéadaigh seo go 21.

Sa tréimhse, níor reachtáladh Aifrinn laethúla Carghais ná liotúirgí Thréan na Cásca. Atosaíodh ár liotúirgí bliantúla ag Séipéal Ollscoile Belfield, Oíche Nollag 2022. Mar nach bhfuil Aireagal Ard Aidhin, ár lárionad, le fada, i dtuaisceart na cathrach do na hócáidí sin, oiriúnach anois dár liotúirgí, de bharr athruithe inmheánacha ag an mbainistíocht nua Seirbeach Ceartchreidmheach, agus ar chúiseanna slándála, tá malairt ionad sa reigiún á n-iniúcadh faoi láthair ag an gCoiste.

Craoltaí

I rith na paindéime mhéadaigh ar chraoladh Aifreann ar líne, Aifrinn i nGaeilge ina measc. Ach tá seasamh ar leith ag craoltaí fuaime Raidió na Gaeltachta: sé polasaí an staisiúin Aifrinn Domhnaigh a chraoladh uair sa mhí ó leasmuigh den Ghaeltacht: is nós craoladh ón Deoise seo sé uair sa bhliain. Tugann seo misneach dár bpobail áitiúla: cuireann paróistí le húsáid na teanga don ócáid. Níor athosaigh an freastal seo fós, ach tá an Coiste i mbun comhráití leis an staisiún faoi sin.

Gaelscoileanna agus na Sacraimintí

I 2021 agus 2022, chinntigh ár gCathaoirleach, an tAth. Ó Baoill, go mbeadh ceiliúraithe ag Gaelscoileanna do Shacraimint an Athmhuintearais, an Chéad Chomaoineach, searmanas an tSolais agus Sacraimint an Chóineartaithe.

I 2022-23 d'fhreastal 12,837 dalta ar an 52 Gaelscoil sa Deoise. Múintear an churaclam Caitliceach i 41 díobh seo. Tá 22 scoil faoi phátrúnacht na Deoise. Tá 11 scoil le héiteas Caitliceach faoin bhForas Pátrúnachta: i 2010, thug an Deoise aitheantas dóibh sin mar Scoileanna Caitliceacha, agus ghlac freagracht as a gcúram séiplíneachta. Chomh maith, in 8

scoil eile de chuid an Fhorais, múintear an curaclam Caitliceach, de cheart, do dhaltaí Caitliceacha, réiteach a fuair moladh ón Ardeaspag Ó Fearaíl nuair a ghlac an Foras cúram ar Scoil Chaitlín Maude i dTamhlacht, i Márta 2021.

Thárlódh nach mbeadh an chléir áitiúil eolach i gcónaí ar na réitigh seo. Luamar inár n-aighneacht don Tasc-Fhórsa gur "minic nach bhfeiceann daltaí Gaelscoile sagart riamh ach amháin ar mhór-ócaidí mar Lá na Céad Comaoineach nó an Chóineartaithe", agus mholamar "go gceapfadh an Ard-Deoise meitheal séiplínigh, idir thuataí agus sagairt, leis an obair seo a chur chun cinn", chomh maith le "feidhmeannaigh líofa sa rúnaíocht oideachais le tacú leo (mar a bhí idir 1986 agus 2005)".

Aontacht na gCríostaithe

Mar ná féadfaí seirbhísí d'Aontacht na gCríostaithe a riar in Ard-Teampall Chríost i 2021 nó 2022,, tionóladh seirbhísí fiorúla ar líne, lenár gcathaoirleach, an tAth. Ó Baoill, i gcomh-cheannas orthu ar son na Deoise. Ag seirbhís Eanáir 2021, chuid de chómóradh 'Colm Cille 1500', thug an tEaspag Alan Mac Eochagáin an seanmóir, bhí Cór Chúil Aodha páirteach, agus 360 ag bhreathnú. Mí Eanáir 2022, sholáthar cantairí ó Choláiste na Tríonóide an ceol, le 150 ag breathnú. Tá buíochas ar leith tuilte ag Cumann Gaelach na hEaglaise, de chuid Eaglais na hÉireann, as ucht an dá ócáid sin a riar. Bhí ar a gcumas seo a dhéanamh mar go bhfuil oifigeach forbartha teanga á fhostú acu, ar dheontas stáit, agus bhíodar sásta freisin an chuid ba mhó de na costais gairmiúla eile a chlúdach.

Comhoibriú

Tá gréasán tacaíochta *Phobal an Aifrinn* agus áiseanna liotúirgeacha agus cartlann ceoil an chumainn sin ar fáil i gcónaí mar chabhair d'obair an Choiste. Ó 2022, ámh, ghlac an Coiste cúram airgid na liotúirgí bliantúla ag Belfield, cúram a bhíodh, ar chúiseanna staire, ar an gcumann go dtí sin.

Fógraíocht agus foilseacháin

Le cabhair oifig cumarsáide na Deoise, rinne an Coiste a ghnáth-fhógraíocht sa tréimhse, go háirithe tríd na meáin shóisialta, faoi Aifrinn an Domhnaigh agus na Féile Pádraig agus faoi ócáidí eile. Soláthraíodh léachtaí, Guí an Phobail, agus nótaí seanmóra go rialta do lucht cabhartha na nAifreann Domhnaigh. Níor fhoilsigh an Coiste aon leabhair, ach i mBealtaine 2021 sheol an t-Ardeaspag Ó Fearaíl *Slí Chun Dé, Searmanais Paidreoireachta do Dhéagóirí*, leis an Sr. Máiréad Ní Bhuachalla RSC, ball den Choiste. Bun-acmhainn tréadach atá anseo, fréamhaithe ina taithí mar shéiplíneach Choláiste Mhuire ó 1997. Fuarthas maoiniú dó ón gComhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta, agus dáileadh é ar 75 iar-bhunscoil lán-Ghaeilge na tíre, 13 Gaelcholáiste na Deoise seo san áireamh.

An Coiste Tréadach – Report of Activities for 2021 and 2022

Chair:	Fr. Pádraig Ó Baoill PP
Secretary:	Caitríona Uí Chatháin
Treasurer:	Dónall Ó Conaill
Members:	Fr. Liam Ó Cuív SP, Fr. Vasyl Kornitsky CC, Sr. Mairéad Ní Bhuachalla RSC (Gaelcholáiste chaplain), Aideen McBride (Gaelscoil chaplain), Bláthnaid Ó Brádaigh, Paula Ní Shlatara, and Giollamuire Ó Murchú (*Pobal an Aifrinn*).

Committee business

As our business was limited during the pandemic, this report covers both 2021 and 2022. 7 meetings were held in the period: a Zoom meeting on 10 June 2021, physical meetings on 7 April, 12 May, 16 June, 20 September, 18 October and 22 November 2022. Meetings are now held at St Brigid's Parish Resource Centre, Killester. Giollamuire Ó Murchú was appointed treasurer in April 2022.

Local liturgies

Before the pandemic, in line with diocesan policy to provide a Sunday Mass in each district for the Irish speaking community and for Gaelscoil families, there were regular Irish or bilingual liturgies in 15 churches, among them 10 weekly Masses with the entire liturgy in Irish, with an Irish homily usual in 6 cases.

In our 2021 submission to the diocesan Task Force, we noted that this service was now at risk, especially where a congregation "depends on an individual priest, or even on lay people recruiting priests from week to week on a very uncertain basis" and that this needed to be resolved. After the pandemic, for various reasons, only two thirds of this provision was renewed. There is provision now in 11 churches, with 7 weekly Masses with the liturgy in Irish, and an Irish homily in 3 cases.

An Coiste recognises that this needs to improve, especially in large areas with high Gaelscoil demand, and pupils being prepared, in Irish, for the Sacraments each year, but with no Sunday provision in the language to complement this. As against this we viewed the decision, after a four year campaign, to reinstate the Dún Laoghaire District Mass in Advent 2021, as a sign of hope. The result of that decision also illustrates the importance of Sunday provision to the link with the schools, now that the area's Gaelscoil pupils, with their chaplain, are actively participating at this Mass.

At present, An Coiste itself administers one weekly Mass, at St. John the Evangelist's Church, Ballinteer. (This was also

the case up to 2020 at the Oratory of the Resurrection, Artane, but as noted below, this provision has now ended). But normally, it is the parishes that provide District Masses for our community, with An Coiste offering support. As an example of such support, at our November 2022 meting an Coiste decided to assist the District Masses in Swords and Dún Laoghaire by paying celebrants' stipends to visiting priests, as needed, from January 2023 onwards. Also an Coiste is updating our lists of priests with Irish language ability, in the expectation that more will assist with the mission.

As also noted in our Task Force submission, it is a challenge to find priests for this work. We were long dependent on active priests from the Orders, but in the absence of formal arrangements with the Diocese, in recent years several of these were moved to other houses, or to Dioceses providing Gaeltacht posts. Up to 1994, this Diocese, too, had such a post, but this is not the case at present, and the burden of work has increased greatly since.

Annual liturgies

On St Patrick's Day 2021, with the churches closed, an Irish or bilingual Mass was broadcast on line from 14 churches in the Diocese. In 2022, after the churches reopened, this increased to 21.

In the period, daily Lenten Masses and Easter Triduum liturgies were not held. Our annual liturgies at Belfield University Chapel resumed on Christmas Eve 2022. As the Artane Oratory, our north city venue for these events for many years, is no longer suitable for our liturgies, due to the new Serbian Orthodox management's internal alterations and for security reasons, An Coiste is now exploring alternative venues in the region.

Broadcasts

During the pandemic there was an increase in online Mass broadcasts, including Irish Masses. But *Raidió na Gaeltachta*'s audio broadcasts have a special standing: it is station policy to broadcast Sunday Mass once a month from outside the Gaeltacht: usually broadcasting from this Diocese six times a year. This encourages our local congregations: parishes add to their use of Irish for the occasion. This service has not yet resumed, but an Coiste is engaging with the station on this.

Gaelscoileanna and the Sacraments

In 2021 and 2022, Fr. Ó Baoill, our Chair, ensured that Gaelscoileanna had celebrants for the Sacrament of Reconciliation, First Communion, the Ceremony of Light, and the Sacrament of Confirmation.

In 2022-23, 12,837 pupils attended the 52 Gaelscoileanna in the Diocese. The Catholic curriculum is taught in 41 of these. 22 schools are under diocesan patronage. 11 schools with a Catholic ethos are under An Foras Pátrúnachta: in 2010, the Diocese recognised these as Catholic schools, and took responsibility for their pastoral care. Also, in 8 other schools under An Foras, the Catholic curriculum is taught, as of right, to Catholic pupils, an arrangement praised by Archbishop Farrell when An Foras took charge of Scoil Chaitlín Maude in Tallaght in March 2021.

Local clergy may not always be aware of these arrangements. In our Task Force submission, we noted that "often, Gaelscoil pupils only see a priest on major occasions such as First Communion or Confirmation", and proposed "that the Archdiocese appoint a chaplaincy team, both clerical and lay, to help with this work," as well as "fluent staff in the Education Secretariat to provide them with supports (as was the case from 1986 to 2005)".

Christian Unity

As services for Christian Unity could not be held in Christ Church Cathedral in 2021 or 2022, virtual services were held on line, with our Chair, Fr Ó Baoill, co-presiding on behalf of the Diocese. At the January 2021 service, part of the 'Colm Cille 1500' commemoration, Bishop Alan Mac Eochagáin gave the sermon, Cór Chúil Aodha took part, and there were 360 viewers. In January 2022, singers from Trinity College provided the music, and there were 150 viewers. Special thanks are due to *Cumann Gaelach na hEaglaise* of the Church of Ireland, for organising both events. They were able to do this, as they employ a state-funded full time language development officer, and they were also prepared to cover most of the other professional costs.

Co-operation

Pobal an Aifrinn's support network, as well as that society's liturgical aids and music archive, continue to be available to assist An Coiste's work. However in 2022, An Coiste took charge of the finances of the annual liturgies at Belfield, which until then, for historical reasons, had been managed by the society .

Publicity and publications

With the help of the diocesan communications office, an Coiste engaged in its usual publicity in the period, especially through social media, about Sunday and St Patrick's Day Masses and other events. Mass readings, Prayers of the Faithful and Sermon notes were provided regularly to those helping at Sunday Masses. An Coiste published no books, but in May 2021, Archbishop Farrell launched *Slí Chun Dé, Searmanais Paidreoireachta do Dhéagóirí*, by Sr. Máiréad Ní Buachalla RSC, a member of An Coiste. This is a basic pastoral resource, rooted in her experience since 1997 as Chaplain to Coláiste Mhuire. It received funding from *An Comhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta* and was distributed to the country's 75 all-Irish postprimary schools, including the 13 Gaelcholáistí in this Diocese.